webwise.ie




## TÚS EOLAIS AR AN IDIRLÍON

# EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ

BILEOGA GNÍOMHAÍOCHTA

# Clár Ábhar


Réamhrá Lch.2

Conas an acmhainn seo a úsáid Lch.3

Bileoga Gníomhaíochta Lch.4-Lch.27

Ceacht 1

- Ár gCód Ranga Ar Líne
- Rianaire ar Thréimhse ar Líne
- Fáilte chuig an Idirlíon! Cuardach Focal

Ceacht 2

- Cóipcheart
- Leathanach ar Rátálacha Treoirlínte
- Ag Cuardach ar an Idirlíon

Ceacht 3

- Suíomhanna den scoth
- Seas an Fód
- Conas Ceannlíne ar Cluain Chliceála é a Aithint

Ceacht 4

- Quiz Webwise
- Comhaontú um Úsáid Idirlín

Ceacht 5

- Foirm Chlárúcháin

Ceacht 6

- Próifíl Instaface
- Is maith liom é — Seiceáil do thuiscint

Ceacht 7


- Féiniúlacht Cheilte Ar Líne
- Comhairle Ruby agus Archie faoi Shábháilteacht ar líne
- Rialacha an Idirlín — Liricí

Ceacht 8

- Quiz ar Chatwise

Aguisín Lch.28-Lch.36

- Rap in aghaidh na Cibearbhulaíochta — Is maith liom é (Liricí)
- Céard é an tIdirlíon? (Liricí)
- Céard atá iontaofa ar líne? (Liricí)
- Cad is fógraíocht ar líne ann? (Liricí)
- Leathanaigh Dathúcháin

# RÉAMHRÁ

Dearadh Laochra HTML go sainiúil do mhúinteoirí bunscoile ar mhaith leo an tsábháilteacht idirlín a thabhairt isteach i dteagasc churaclam an OSPS — Forbraíodh an Clár Oideachais seo chun cabhair a thabhairt d'oideachasóirí, agus chun tacú leo, agus daltaí á múineadh acu faoin gcaoi a n-úsáidtear an tIdirlíon ar shlí shábháilte agus fhreagrach. Múinfear Laochra HTML mar chuid de churaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) i mbunscoileanna do leanaí idir seacht agus deich mbliana d'aois d'aois.

Dírítear sa chéad chuid den acmhainn (Ceacht 1-4) ar na scileanna a theastaíonn chun an gréasán a bhrabhsáil, ar nós cuardach éifeachtach sábháilte a dhéanamh, an t-ábhar ar líne atá iontaofa a oibriú amach agus an tréimhse a chaitear ar líne a bhainistiú. Tá an clár seo oiriúnach do leanaí atá ag foghlaim faoin gcaoi a n-úsáidtear an t-idirlíon i gcomhair obair scoile nó chun faisnéis a aimsiú go ginearálta. Déanfar na daltaí a mheasúnú i ndiaidh na rannóige seo le fáil amach ar bhain siad na torthaí foghlama inmhianaithe amach. Tá teastas ar fáil agus féadfar é a bhronnadh ar na daltaí a n-éiríonn leo.

Téitear i ngleic leis na scileanna a theastaíonn chun cumarsáid shábháilte agus éifeachtach a dhéanamh ar líne sa dara rannóg (Caibidil 5, 6, 7 agus 8). Pléitear le ceisteanna faoi fhaisnéis phearsanta a roinnt ar líne, leis an tslí a gcaitear le daoine eile i gceart, agus le cluichí ar líne. Féadfaidh daltaí tabhairt faoin measúnú ar Chatwise ansin chun an clár a chur i gcrích agus teastas a fháil.

Úsáidtear réimse modheolaíochtaí teagaisc i gClár na Laochra HTML agus tá béim ar leith ar phríomh-mhodheolaíocht churaclam an OSPS, is é sin, an fhoghlaim ghníomhach. I measc na modheolaíochtaí a úsáidtear tá plé, obair chiorcail, obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí, freagra a thabhairt ar na meáin, agus ar na meáin dhigiteacha go háirithe. Comhtháthaíonn an clár le hábhair churaclaim eile ar nós mhodheolaíochtaí drámaíochta, teanga agus na n-amharc-ealaíon. Tá gníomhaíochtaí páipéirbhunaithe ranga agus ceachtanna idirghníomhacha digiteacha mar chuid den chlár seo. Tá neart den léiriú agus de na príomhphointí foghlama le fáil sna ceachtanna idirghníomhacha. Cuirtear beirt laochra HTML — beirt charachtar USB (Archie agus Ruby) in aithne do na leanaí; tagann beocht chun na gcarachtar nuair a imíonn na daltaí ón seomra ranga le linn am sosa agus tugann siad eolas do na daltaí ar an domhan ar líne. Déanann Archie agus Ruby rapanna mealltacha agus taitneamhacha faoin bhfógraíocht ar líne, faoin tréimhse a gcaitear ar líne agus faoin gcaoi a n-oibríonn an t-idirlíon. Dearadh na ceachtanna seo mar ghníomhaíocht ranga don rang uile le clár bán nó teilgeoir digiteach. D'fhéadfaí tabhairt faoi na gníomhaíochtaí seo freisin i mbeirteanna, go haonarach, nó i ngrúpaí beaga ar ríomhaire nó ar ghléas ranga.

## Faisnéis Thábhachtach do Mhúinteoirí

Ba cheart do mhúinteoirí an Fhaisnéis don Mhúinteoir a léamh sula dtosaíonn siad gach ceacht. Áirítear san fhaisnéis treoracha céim ar chéim ar stiúradh gach ceachta, naisc chuig an gcuraclam agus naisc chun na bileoga gníomhaíochta a theastaíonn do gach ceacht a íoslódáil.

# Treoracha chun an acmhainn seo a úsáid

Léigh na nótaí don mhúinteoir roimh gach ceacht sula dtosaíonn tú ar Chlár na Laochra HTML. Teastaíonn roinnt obair ullmhúcháin roimh gach ceacht agus d'fhéadfaí go mbeadh ort na bileoga oibre a íoslódáil agus a chóipeáil.

Má tá clár bán á úsáid agat, déan an t-ábhar a thástáil roimh ré. Má tá gléasanna aonair á n-úsáid agat, déan cinnte go bhfuil fáil ag na daltaí ar an gclár.

## Dualgas Cúraim na Scoile

**Molaimid na céimeanna tábhachtacha seo a leanas a thógáil sula dtosaíonn tú ar Chlár na Laochra HTML.**

## Úsáid na Teicneolaíochta ar Scoil

Ba cheart do mhúinteoirí iad féin a chur ar an eolas mar gheall ar Pholasaí Úsáide Inghlactha na scoile agus eolas na ndaltaí ar an bpolasaí agus ar rialacha na scoile i leith úsáid na teicneolaíochta a athnuachan. D'fhéadfaí go mbeadh polasaí ar leith ag roinnt scoileanna d'úsáid fón cliste, agus ní mór amhairc air sin chomh maith.

## Gnásanna Frithbhulaíochta

Ní mór do gach scoil beartas frithbhulaíochta a chomhlíonann ceanglais na ngnásanna Frithbhulaíochta go huile a ghlacadh agus a chur chun feidhme go foirmeálta. Cuir tú féin ar an eolas mar gheall ar Pholasaí Frithbhulaíochta na scoile agus déan cinnte go dtuigeann na daltaí gnásanna na scoile sula dtosaíonn tú ag úsáid na hacmhainne seo.

Is ceart do scoileanna cur chuige gníomhach a ghlacadh chun an caighdeán cúraim atáthar ag súil uathu a chomhlíonadh agus é sin a dhéanamh trí oideachas a chur ar scoláirí agus beartais agus nósanna imeachta láidre, a ndearnadh taighde maith orthu a bheith i bhfeidhm acu. Faoi na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, 2017, iarrtar ar scoileanna Ráiteas Cosanta Leanaí a scríobh agus a chur ar taispeáint. Ráiteas scríofa é sin ina sonraítear na nósanna imeachta atá i bhfeidhm lena chinntiú go gcosnaítear leanaí ó dhíobháil. Éilítear sna nósanna imeachta sin go mbeidh ainm an Teagmhálaí Ainmnithe agus an duine ionaid scríofa sa Ráiteas Cosanta Leanaí agus gur cheart go mbeadh an ráiteas ar taispeáint in áit fheiceálach, gar do phríomhdhoras isteach na scoile. Faigh eolas agus tuiscint ar Ráiteas Cosanta Leanaí na scoile.

## Na Meáin Shóisialta á bPlé

Tá sé tábhachtach gur ar ghníomhaíochtaí ar líne a dhíríonn an díospóireacht sa cheacht seo, agus ní ar sheirbhísí sonracha ar líne. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh an díospóireacht a dhíriú ar na riachtanais a spreagann daltaí le húsáid a bhaint as an Idirlíon, seachas na huirlisí a mbaineann siad úsáid astu chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Tríd is tríd, baineann leanaí úsáid as an idirlíon chun sóisialú a dhéanamh, chun meáin a roinnt, chun faisnéis a fháil, chun cluichí a imirt, chun cumarsáid a dhéanamh, agus chun foghlaim.

Ba cheart duit a bheith ar an eolas go mbeidh roinnt leanaí i do rang ar tí aipeanna agus uirlisí líonraithe shóisialta agus roinnt meán a úsáid den chéad uair. Beidh cuid mhaith acu i mbun idirbheartaíochta lena dtuismitheoirí ar mhaithe le cead a fháil dá leithéid. D'fhéadfadh an leanbh d'fhocail féin a úsáid mar chuid den idirbheartaíocht sin sa bhaile. Sa chomhthéacs sin, is fearr labhairt faoi "grianghraif a roinnt" ná faoi "Instagram a úsáid".

**Is é 16 bliana d'aois an Aois Toilithe Dhigitigh in Éirinn,** is é sin an aois íosta ar féidir le daoine óga clárú do sheirbhísí ar líne, cuir i gcás suíomhanna gréasáin na meán sóisialta, gan cead a fháil óna dtuismitheoirí ná óna gcaomhnóirí. Ciallaíonn sé sin freisin nach féidir le cuideachtaí na meán sóisialta ná idirlín do shonraí a bhailiú, a úsáid, a stóráil agus a ndíol d'fhógróirí.

# ÁR gCÓD RANGA AR LÍNE



Tá an t-idirlíon fíorthábhachtach i saol an lae inniu. Trí chomhaontú a shocrú cabhraítear lena chinntiú go mbeidh gach duine sa seomra ranga slán sábháilte agus iad ar an idirlíon.

| Aontaímid: | Cé ar a bhfuil an fhreagracht? |
| --- | --- |
| ◦ E.g. ní rachaimid ar líne ach le linn na dtréimhsí a aontaoídh | ◦ Gach duine sa rang |



**Cén fhad a mhairfidh ár gcomhaontú?**

**Cad a dhéanfaimid má bhímid buartha faoi rud éigin nó duine éigin ar líne?**

**Cad a tharlóidh mura gcloífidh duine éigin leis an gcomhaontú?**

◦ E.g. an cód a athbhreithniú, plé a dhéanamh ar an gcaoi ar sáraíodh an riail a aontaíodh agus ar na hathruithe is féidir a dhéanamh amach anseo

# RIANAIRE AR THRÉIMHSE AR LÍNE

**Ainm:** ______________________________

**Cuir d'am iomlán ar líne i ngach colún:**

|  | Teilifís/Scannáin | Ar ghléas: fón/ríomhaire glúine/táibléad | Cluichí | Iomlán Laethúil | Gníomhaíochtaí nach dteastaíonn scáileán uathu |
|---|---|---|---|---|---|
| Dé Luain | | | | | |
| Dé Máirt | | | | | |
| Dé Céadaoin | | | | | |
| Déardaoin | | | | | |
| Dé hAoine | | | | | |
| Dé Sathairn | | | | | |
| Dé Domhnaigh | | | | | |
| | | | Tréimhse Iomlán Ar Líne gach Seachtain = | | |


1. Comhair líon na n-uaireanta a chaitheann tú os comhair scáileáin gach lá.

2. Suimigh líon na n-uaireanta ó gach lá den tseachtain le chéile chun an méid ama a chaitheann tú os comhair scáileáin gach seachtain a fháil amach.

3. Cuimhnigh ar an am a chaith tú os comhair scáileáin. Meas tú cé mhéad de atá:
   - **táirgiúil** e.g. d'obair baile, obair scoile, chun scileanna nua a fhoghlaim.
   - **éighníomhach** e.g. ar mhaithe le siamsaíocht, chun breathnú ar fhíseáin siamsaíochta, chun cumarsáid a dhéanamh le cairde, chun cluichí a imirt.

4. Cén ghníomhaíocht scáileáin ar a gcaitheann tú an méid is mó ama? An am táirgiúil nó éighníomhach an t-am sin, agus cén fáth?

5. Tarraing siombail, agus cur lipéad uirthi, chun gníomhaíocht nach dteastaíonn scáileán uaithi a léiriú. Seo rudaí spraíúla is féidir leat a dhéanamh nach mbaineann le teilifís, ríomhaire, táibléad, ná fón cliste, do gach lá den tseachtain sa spás thuas.



# Fáilte chuig an Idirlíon! Cuardach Focal

**Ainm:** ______________________________

Bain úsáid as an gcuardach focal seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na príomhfhocail ar baineadh úsáid astu sa cheacht Fáilte chuig an idirlíon!

Le déanamh:

1. Aimsigh na focail go léir atá sa liosta seo.
2. Pioc amach cúig eocharfhocal agus scríobh trí abairt achoimre ar na príomhphointí a d'fhoghlaim tú sa mhodúl seo.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| AIPEANNA | AR LÍNE | BOSCA ISTEACH | BRABHSÁLAÍ | CEANÁIN | CUARDACH |
| CÓIPCHEART | DEILBHÍN | EMOJI | GIF | GLÉAS | HTML |
| IDIRLÍON | ÍOSLÓDÁIL | LEABHARMHARC | LEATHANACH BAILE | LEATHANBHANDA | |
| LORG | MEARSCAIPTHE | MEÁIN SHÓISIALTA | MÉIM | MÍR ANÍOS | |
| SUÍOMH GRÉASÁIN | TRÉIMHSE AR LÍNE | VÍREAS | WIFI | | |



| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Í | N | L | B | B | N | M | U | G | C | A | H | J | T | I |
| O | Í | E | R | H | I | E | T | I | E | D | C | P | R | Z |
| S | H | A | A | C | Á | A | R | F | A | N | A | Z | É | I |
| L | B | T | B | A | S | R | A | N | N | A | E | P | I | A |
| Ó | L | H | H | D | A | S | E | M | Á | H | T | S | M | R |
| D | I | A | S | R | É | C | H | Í | I | B | S | A | H | L |
| Á | E | N | Á | A | R | A | C | R | N | N | I | E | S | Í |
| I | D | A | L | U | G | I | P | A | S | A | A | R | E | N |
| L | M | C | A | C | H | P | I | N | A | H | C | Í | A | E |
| M | I | H | Í | L | M | T | Ó | Í | É | T | S | V | R | M |
| T | É | B | I | O | O | H | C | O | L | A | O | T | L | O |
| H | M | A | Y | R | Í | E | T | S | G | E | B | R | Í | J |
| I | F | I | W | G | U | I | D | I | R | L | Í | O | N | I |
| A | T | L | A | I | S | I | Ó | H | S | N | I | Á | E | M |
| P | L | E | A | B | H | A | R | M | H | A | R | C | X | W |

**Ainm:** ____________________

Tarraing pictiúr den charachtar is fearr leat. D'fhéadfadh gur amhránaí nó carachtar ó leabhar, clár teilifíse/ scannán nó cluiche ar líne a bheadh ann.

Nuair a bheidh an pictiúr seo tarraingthe agat, is tusa an t-aon úinéir amháin ar an bpictiúr seo. Ní féidir le haon duine eile é a úsáid gan cead uait. Is tú sealbhóir chóipcheart an phictiúir seo.

Mar sin, is le cruthaitheoir an tsaothair an cóipcheart. Cuimsíonn saothar rud ar bith, ar nós leabhair, grianghraf, ceoil nó cluiche. Chomh fada is ar féidir leat é a fheiceáil, a chloisteáil nó do lámh a leagan air. Tá lógó nó pictiúr ar fáil a chuireann in iúl dúinn go bhfuil rud éigin faoi chóipcheart. Is é sin an litir 'c' agus ciorcal iomlán timpeall air [féach ar bharr an leathanaigh].

**Cén cineál rudaí is féidir a chur faoi chóipcheart?**

Déan liosta de rudaí ar an idirlíon a d'fhéadfadh a bheith faoi chóipcheart. D'fhéadfá an liosta seo a dhéanamh le do pháirtí.

- ____________________
- ____________________
- ____________________
- ____________________
- ____________________

**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**

Tá go leor suíomhanna gréasáin iontaofa ann ar nós www.photosforclass.com/ nó pixabay.com/en/ a ligeann duit grianghraif a íoslódáil le haghaidh tograí ranga agus obair baile a luann an grianghrafadóir — úinéir an tsaothair.

**Mar sin is féidir na pictiúir a úsáid agus an t-aitheantas a thabhairt don duine a ghlac na pictiúir sin ag an am céanna.**

# BILEOG GHNÍOMHAÍOCHTA LE TABHAIRT ABHAILE - LEATHANACH RÁTÁLA TREOIRLÍNTE





**NÓTA DO THUISMITHEOIRÍ:**

A Thuismitheoir/a Chaomhnóir, a chara, mar chuid de Chlár na Laochra HTML maidir le Sábháilteacht Idirlín atá ar bun ag do leanbh ar scoil, ba mhaith linn dá bhféadfá, in éineacht le do leanbh, na 16 threoirlíne a leanas a chur in ord de réir tábhachta (1 = an ceann is tábhachtaí; 16 = an ceann is lú tábhacht). Nuair a bheidh an méid sin déanta, sínigh an bhileog in éineacht le do leanbh le do thoil, agus déan cinnte de go dtabharfar ar ais don mhúinteoir í. Go raibh maith agat as bheith páirteach agus as do chomhoibriú, agus ná déan dearmad, ní ann do fhreagraí cearta ná míchearta anseo!

**TABHAIR RÁTA IDIR 1 GO 16 DO NA TREOIRLÍNTE A LEANAS**

| | |
|---|---|
| Ní nochtfaidh mé aon sonraí pearsanta ar líne d'aon duine nach bhfuil aithne agam orthu. | |
| Má thagaim ar rud éigin ar líne a chuireann isteach orm labhróidh mé le duine fásta faoi. | |
| Caithfidh mé le daoine eile ar an Idirlíon ar an gcaoi chéanna ar mhaith liom go gcaithfidís-sean liomsa. | |
| Ní chuirfidh mé isteach ar aon duine, ná ní mhaslóidh mé aon duine ar líne, fiú i modh grinn. Seans nach bhfeicfidh siadsan aon ghreann ann. | |
| Ní dhéanfaidh mé dearmad riamh nach ionann an saol fíorúil agus an saol réadúil. | |
| Roinnfidh mé mo thaithí ar líne le daoine eile. | |
| Deimhneoidh mé i gcónaí aon ábhar a fhaighim ar líne. | |
| Má theastaíonn uaim aon rud a cheannach ar líne iarrfaidh mé cead ar thuismitheoirí/chaomhnóirí. | |
| Tógfaidh mé sosanna rialta má bhím ar líne. | |
| Ní iarrfaidh mé ar dhaoine eile eolas pearsanta a nochtadh. | |
| Ní bhacfaidh mé le hábhar do dhaoine fásta — is don seandream é sin. | |
| D'fhéadfadh cóipeáil ón idirlíon a bheith mídhleathach. Iarrfaidh mé cead i gcónaí ón údar gréasáin ábhar ón idirlíon a úsáid | |
| Ní dhéanfaidh mé cóip de shaothar le daoine eile atá ar fáil ar líne. Tuigim gur leosan an saothar agus nach ceart dom é a chóipeáil agus ligean orm gur mise a chum é. | |
| Déanfaidh mé na suíomhanna is ansa liom a leabharmharcáil i gcónaí. Ar an gcaoi sin, beidh mé in ann teacht orthu go héasca ina dhiaidh sin. | |
| Má seolann duine éigin rud éigin chugam ar r-phost nach dtaitníonn liom ní chuirfidh mé ar aghaidh riamh é. Dá ndéanfainn é sin, spamáil a bheadh ann. | |
| Déanfaidh mé m'am ar líne a bhainistiú go stuama agus tógfaidh mé sosanna rialta ó bheith ag breathnú ar an scáileán. | |

**SÍNIÚ AN DALTA:** ..............................................................................................................

**SÍNIÚ TUISMITHEORA/CAOMHNÓRA:** ..............................................................................................

# Ag Cuardach ar an Idirlíon

**Ainm:** ______________________________

**Oscail do bhrabhsálaí agus téigh chuig www.kiddle.co.**
**Déan cuardach ar do scoil trí ainm iomlán do scoile a chlóscríobh san fhuinneog chuardaigh [e.g. Scoil Náisiúnta Naomh Muire].**

Cé mhéad leathanach a d'aimsigh tú?

______________________________

**Anois téigh ar ais chuig www.google.com.**
**Cuir ainm iomlán do scoile isteach san fhuinneog chuardaigh arís, ach cuir na comharthaí athfhriotail " " timpeall ar na focail a chlóscríobhann tú an uair seo.**

Cé mhéad leathanach a d'aimsigh tú an uair seo?

______________________________



An bhfuair tú toradh difriúil?

______________________________

**Anois téigh ar ais chuig www.google.com arís.**
**Déan cuardach ar fhoireann spóirt cháiliúil an uair seo, ach ná húsáid comharthaí athfhriotail.**

Cé mhéad leathanach a d'aimsigh tú?

______________________________

**Ina dhiaidh sin téigh ar ais chuig www.google.com uair amháin eile.**
**Déan cuardach ar an bhfoireann spóirt chéanna arís, ach úsáid comharthaí athfhriotail an uair seo.**

Cé mhéad leathanach a d'aimsigh tú anois?

______________________________

Dar leat, céard é an difear idir cuardach a dhéanamh le comharthaí athfhriotail agus é a dhéanamh gan iad?

______________________________

______________________________

Cé acu is fearr dar leat? Cén fáth?

______________________________

______________________________

______________________________


**AN RAIBH A FHIOS AGAT?**
Tá go leor innill chuardaigh amuigh ansin atá oiriúnach do leanaí agus a ligeann duit cuardach a dhéanamh go sábháilte gan an stuif gránna ar an idirlíon a fheiceáil. Seo roinnt samplaí: **www.kiddle.co/** agus **www.kidrex.org/**.

**Ainm:** ______________________________

Tá neart suíomhanna gréasáin maithe ar an idirlíon ach tá an t-uafás eolais ar fáil freisin.

Cá bhfios dúinn go bhfuil na suíomhanna gréasáin seo ceart nó ag insint na fírinne fiú? Is féidir le duine ar bith suíomh gréasáin a chur ar líne agus uaireanta déanann na daoine a dhéanann na suíomhanna gréasáin seo botúin nó tugann siad an t-eolas mícheart duit. Má tá tú is mbun tionscadail sa rang nó ag cuardach eolais don obair baile, cén chaoi a mbeadh a fhios agat an féidir brath ar an eolas nó nach féidir?

**Is féidir na ceithre cheist a leanas a úsáid agus tú ag breathnú ar shuíomh gréasáin nua...**



**Na Rialacha Órga — Cuir na ceisteanna seo ort féin!**


- Cé leis an suíomh gréasáin?
- Cén fáth ar thóg siad é?
- Cad a dhéanfaidh siad le do chuid faisnéise?
- Cad é an uair dheireanach a ndearnadh é a thabhairt cothrom le dáta?

Tá Scoilnet ar cheann de na suíomhanna ar féidir leat muinín a bheith agat as. Tá go leor eolas iontaofa ar fáil air.

**Logáil isteach ar an suíomh gréasáin Scoilnet, www.scoilnet.ie/, agus déan na ceithre cheist a fhreagairt in éineacht le duine fásta.**

Cé leis scoilnet.ie?

______________________________



Cén fáth ar thóg siad scoilnet.ie?

______________________________

Cad a dhéanfaidh scoilnet.ie le do chuid faisnéise?

______________________________

Cad é an uair dheireanach a ndearnadh scoilnet.ie a thabhairt cothrom le dáta?

______________________________

Fan ar scoilnet.ie, agus déan cuardach ar 'leictreachas'. Scríobh síos cúig rud faoi leictreachas a fuair tú amach ón suíomh gréasáin seo.

1. ______________________________
2. ______________________________
3. ______________________________
4. ______________________________
5. ______________________________

Scríobh síos ainm dhá shuíomh gréasáin iontaofa eile a mbaineann tú úsáid astu. D'fhéadfá iad a roinnt le do rang seans.

______________________________

- **CÉ ATÁ IN ANN RUDAÍ A CHUR AR AN IDIRLÍON?**

Is féidir le duine ar bith é a dhéanamh! Is rud iontach é sin mar anois bíonn sé an-éasca eolas a fháil amach faoi nach mór rud ar bith.Ach ní mór duit a bheith cúramach. Mar a tharlaíonn sa ghnáthshaol, is féidir le daoine ar an idirlíon botúin a dhéanamh agus bréaga a insint. Uaireanta bíonn sé níos deacra a fháil amach ar an idirlíon go bhfuil daoine ag insint bréag ós rud é nach féidir iad a fheiceáil.

DÉAN MACHNAMH AIR!

**CONAS A BHEADH A FHIOS AGAT GUR BRÉAGA ATÁ Á INSINT SAN FHÍORSHAOL?**



- **CÁ BHFIOS DOM GO BHFUIL A BHFEICIM AR LÍNE FÍOR?**

Tá roinnt bealaí ann chun é sin a sheiceáil. Faigh amach cé leis an suíomh gréasáin. An bhfuil cáil mhaith orthu? Mura bhfuil tú cinnte, cuir ceist ar do mhúinteoir. Cuir a bhfeiceann tú ar an idirlíon i gcomparáid le heolas ó áiteanna eile, ar nós leabhar agus irisleabhar. Cuir a bhfeiceann tú ar an idirlíon i gcomparáid lena bhfuil ar eolas agat féin cheana féin. Cuardaigh dáta ar an suíomh gréasáin. Más suíomh gréasáin an-sean atá ann, seans go bhfuil an t-eolas as dáta. Léiríonn an deilbhín Glasála gur suíomh daingean atá ann. Coinnigh súil amach do https:// ag tús seoladh an tsuímh gréasáin. Seasann an "s" in https do 'secure' agus ba cheart go dtosódh gach suíomh gréasáin daingean le https.

- **AN MBÍONN FÓGRAÍOCHT AR AN IDIRLÍON?**

Bíonn! Bíonn go leor leor fógraíochta ar an idirlíon — go díreach mar a bhíonn ar an teilifís. Ach ar an idirlíon, d'fhéadfaidís a bheith áit ar bith.
Agus tú ag léamh nó ag féachaint ar rud éigin, tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat an bhfuil duine ag iarraidh rud éigin a dhíol leat.

DÉAN MACHNAMH AIR!

**CONAS A BHEADH A FHIOS AGAT GUR FÓGRAÍOCHT ATÁ I RUD ÉIGIN ATÁ Á LÉAMH AGAT?**

- **AN BHFUIL SÉ CEART GO LEOR RUDAÍ A CHÓIPEÁIL ÓN IDIRLÍON?**

Má theastaíonn uait rud éigin a chóipeáil go díreach ón idirlíon agus é a úsáid mar chuid de thionscadal nó ar do shuíomh gréasáin féin, ba cheart duit:
Iarr cead ó úinéir an tsuímh gréasáin chun a n-ábhar a chóipeáil. Ba cheart é sin a dhéanamh mar is leosan an t-ábhar. Nuair a dhéanann tú an t-ábhar a chóipeáil i do thionscadal nó ar do shuíomh gréasáin féin, luaigh foinse an ábhair i gcónaí. Arís, níl ansin ach cothrom na féinne. Murach sin, bheadh sé ar nós gur ghoid tú an t-ábhar atá déanta acu.

DÉAN MACHNAMH AIR!

**CONAS A MHOTHÓFÁ DÁ NDÉANFADH DUINE D'OBAIR BAILE GO LÉIR A CHÓIPÉAIL GAN É A RÁ LEAT?**

- **CÉN FÁTH A N-IARRANN ROINNT SUÍOMHANNA MO SHONRAÍ PEARSANTA ORM?**

Tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn ort roinnt faisnéis phearsanta a thabhairt do shuíomh gréasáin, e.g. d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir theileafóin chun rud éigin a sheoladh chugat a cheannaigh tú uathu. Tá roinnt suíomhanna gréasáin ann, áfach, a bhailíonn faisnéis faoi dhaoine ionas go mbeidh a fhios acu cén saghas fógraíochta ba cheart a thaispeáint dóibh. Ansin, díolann siad an fhaisnéis seo le suíomhanna eile. Sin an fáth a bhfaigheann tú ríomhphoist ó shuíomhanna nár chaith tú súil orthu riamh. Spamáil atá i gceist leis sin, agus tá sé in aghaidh an dlí san Aontas Eorpach.

- **CONAS A BHEADH A FHIOS AGAM CÉARD A DHÉANFADH SUÍOMH GRÉASÁIN LE MO SHONRAÍ PEARSANTA?**

Cuimhnigh! Is é 16 bliana d'aois an Aois Toilithe Dhigitigh in Éirinn, is é sin an aois is óige ar féidir sonraí pearsanta a choimeád faoi leanaí agus déagóirí a bhailítear ar líne. Ciallaíonn sé sin freisin nach féidir le cuideachtaí na meán sóisialta ná idirlín do shonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil agus iad a dhíol le fógróirí. Is é an riail atá ann nár chóir duit clárú riamh i gcomhair seirbhísí ar líne lena n-áirítear na meáin shóisialta nó cluichí ar líne gan cead a fháil ó do thuismitheoirí/caomhnóirí.

DÉAN MACHNAMH AIR!

**AN GCUIRFEADH SÉ ISTEACH ORT DÁ NDÍOLFADH SUÍOMH GRÉASÁIN D'AINM AGUS FAISNÉIS LE SUÍOMH GRÉASÁIN EILE?**

## PRÍOMHPHOINTE:

Acmhainn eolais den scoth atá san idirlíon ach ní féidir brath go hiomlán air i gcónaí. Ba cheart duit foinsí eile a sheiceáil (suíomhanna gréasáin, leabhair agus nuachtáin) agus ceisteanna a chur ar do mhúinteoir.






### 1. Ní thugann an cheannlíne ná an teideal eolas ar bith duit maidir le hábhar an ailt.

Mar shampla, "Déanann Fear ar Safari Iarracht Barróg a Tabhairt do Leon, Ní Chreidfidh Tú Cad a Thit Amach Ina Dhiaidh Sin!!." Tabhair faoi deara nach dtugann an cheannlíne mórán eolais faoin scéal féin. Ní dhéanann sé ach ceist a chur i d'intinn: Cad a tharla don mhúinteoir? Tá siad ag súil go mbeidh tú fiosrach a dhóthain le cliceáil ar an nasc. Ná cliceáil air!

### 2. Tá an cheannlíne rómhaith le bheith fíor e.g. conas éirí saibhir go tapa.

Mar shampla, "Conas 2 Mhilliún Euro a shaothrú laistigh de dhá nóiméad". Má tá an chuma air go bhfuil sé rómhaith le bheith fíor tá sé rómhaith le bheith fíor agus ní fiú duit do chuid ama a chur amú leis.







### 3. Tá an cheannlíne ró-iontach, ródhearfach, róchreathnach, ró-scanrúil, nó ró-rud ar bith eile.

Ba cheart go mbeadh eolas simplí faoin scéal i gceannteideal, na fíricí. Mar shampla: "9 rud nach mór aird a thabhairt orthu agus tú ag tosú i scoil nua" agus "10 tvuít an-bharúil go deo ó dhaoine amaideacha a chuirfidh ag fiafraí thú 'an bhfuil daoine dá leithéid amuigh ansin i ndáiríre?'".

### 4. Leanann na ceannlínte seo an leagan amach céanna i gcónaí.

- Déanann [?] iarracht [?] a dhéanamh. Beidh tú ag [?] mar gheall air seo.
- Déanann [?] iarracht [?] a dhéanamh. Ní CHREIDFIDH tú cad a tharla ina dhiaidh sin!
- San fhíseán seo léirítear gur [?]
- 10 [?] nár cheart duit [?] chun [?]
- Bhí X Y. Bainfear siar asat ar dtús, ansin beidh fuadar fút.
- 10 [?] a bhreathnaíonn cosúil le [?]
- 10 [?] nach féidir a chreidiúint gur [?]



**Ainm:** ______________________________



**1. Cad é an bealach is fearr le seiceáil an bhfuil suíomh gréasáin ag insint na fírinne?**

- ◯ Ba é an chéad toradh cuardaigh é.
- ◯ Tá seoladh gréasáin oifigiúil aige.
- ◯ Tá seoladh ríomhphoist an údair ar an suíomh gréasáin.
- ◯ Deir foinsí eile an rud céanna.

**2. An gceapann tú go bhfuil sé ceart go leor eolas a chóipeáil ón idirlíon le húsáid in aiste scoile?**

- ◯ Tá, chomh fada is go ndeir tú cá as a bhfuair tú é.
- ◯ Braitheann sé ar an méid a fheiceann tú.
- ◯ Tá sé ceart go leor má athraíonn tú roinnt focal.
- ◯ Níl, is caimiléireacht atá ann.

**3. Cé acu seo a leanas is fearr a léireoidh má tá suíomh gréasáin sách iontaofa chun d'fhaisnéis phearsanta a thabhairt dó? (e.g. seoladh baile)**

- ◯ Tá íomhá de fhraincín ar an suíomh.
- ◯ Insíonn an suíomh duit cén uair a nuashonraíodh go deireanach é.
- ◯ Tríd an mbeartas príobháideachais a léamh.
- ◯ Tá cáil mhaith orthu.



**4. Feiceann tú suíomh gréasáin ar an idirlíon a bhfuil pictiúir ann a chuireann isteach ort. Cad a dhéanann tú?**

- ◯ É a insint do do thuismitheoirí.
- ◯ Logáil amach agus é a insint do do thuismitheoirí.
- ◯ Logáil amach agus gan aon rud a rá le haon duine.

**5. Tá an t-idirlíon cosúil le ciclipéid agus dá bhrí sin is féidir liom muinín a bheith agam as an bhfaisnéis ar fad ar Idirlíon.**

- ◯ Fíor
- ◯ Bréagach



**6. Aimsíonn tú suíomh ar líne nár úsáid tú riamh cheana ach tá cluiche á dhíol air ar leath an phraghais sna siopaí, ar cheart duit:**

- ◯ An cluiche a cheannach agus gan aon rud a rá — is margadh maith é.
- ◯ Cead a fháil ó dhuine fásta.
- ◯ Cead a fháil agus foinse an tsuímh gréasáin a sheiceáil.

7. Cé acu de na feidhmchláir seo a cheapann tú ar brabhsálaithe idirlín iad?

- Internet Explorer
- Google
- Yahooligans
- Bingo

8. Cé acu seo a leanas a cheapann tú ar innill chuardaigh iad?

- Internet Explorer
- Google
- Yahooligans
- Bingo

9. Cé a cheapann tú atá in ann suíomh gréasáin a chruthú?

- Duine ar bith.
- Duine ar bith, fad is go gceadaíonn an rialtas an suíomh gréasáin.
- Duine ar bith, fad is go bpasálann a suíomh gréasáin tástáil ghéar lena chinntiú nach bhfuil bréaga air.
- Duine ar bith a bhfuil ceadúnas suíomh gréasáin aige.

10. Cén rannóg ar shuíomh gréasáin a insíonn duit faoin duine ar leo an suíomh gréasáin? Roghnaigh níos mó ná rogha amháin.

- Mapa Suímh
- Déan teagmháil linn
- Fúinne
- Leathanach Baile



# GNÍOMHAÍOCHT LE TABHAIRT ABHAILE – COMHAONTÚ UM ÚSÁID IDIRLÍN

**Aontaímse .................................................................................................. (ainm an linbh) leis an méid seo a leanas:**

Iarrfaidh mé cead i gcónaí sula n-úsáidim an t-idirlíon sa bhaile.
Ní sheolfaidh mé faisnéis phearsanta fúm féin nó faoi mo mhuintir chuig aon duine a chastar liom ar líne gan cead ó mo thuismitheoirí/chaomhnóirí (lena n-áirítear ainmneacha, pictiúir, seoltaí, uimhreacha gutháin, seoltaí ríomhphoist, ainmneacha cumainn spóirt agus scoileanna), is cuma cé chomh deas agus spraíúil a bhíonn an duine.
Inseoidh mé do mo thuismitheoirí/chaomhnóirí nó múinteoirí faoi aon ábhar a chuireann isteach orm nó a scanraíonn mé ar líne.
Roinnfidh mé an t-ábhar spraíúil ar fad a fheicim ar líne le mo thuismitheoirí/chaomhnóirí.
Coinneoidh mé mo phasfhocal ina rún. Ní scaoilfidh mé an rún le mo chara is fearr fiú.
Ní bhuailfidh mé le haon duine, go pearsanta, a mbuailim leo ar líne mura mbíonn mo thuismitheoirí/chaomhnóirí liom.
Caithfidh mé le daoine eile ar líne ar an gcaoi chéanna ar mhaith liom go gcaithfidís-sean liomsa.
Leanfaidh mé na rialacha seo is cuma cá mbeidh mé ar líne.

**Aontaímse ..................................................................................................(ainm an tuismitheora) leis an méid seo a leanas:**

Rachaidh mé ar líne le mo leanbh agus míneoidh mé go soiléir beartas úsáide idirlín ár dteaghlaigh.
Déanfaidh mé monatóireacht ar úsáid idirlín mo linbh agus cuirfidh mé ar chumas mo linbh insint dom faoi na rudaí spraíúla atá ar eolas aige/aici cheana féin.
Tuairisceoidh mé aon ábhar nach bhfuil go deas a fhaigheann mo leanbh chuig na húdaráis chuí.
Treoróidh mé mo leanbh conas freagairt do ríomhphoist nach bhfuil ag teastáil.
Cabhróidh mé le mo leanbh ábhar spraíúil a aimsiú ar líne, bíodh sin don obair baile nó le haghaidh spraoi seo againne!
Spreagfaidh mé mo leanbh le meas a léiriú ar dhaoine eile ar líne.

**Aontaímse..................................................................................................(ainm an mhúinteora) leis an méid seo a leanas:**

Rachaidh mé ar líne le mo dhaltaí agus míneoidh mé go soiléir beartas úsáide idirlín ár scoile.
Déanfaidh mé monatóireacht ar úsáid idirlín mo dhaltaí.
Tuairisceoidh mé aon ábhar nach bhfuil go deas a fhaigheann mo dhaltaí chuig na húdaráis chuí.
Treoróidh mé mo dhaltaí conas freagairt do ríomhphoist nach bhfuil ag teastáil.
Cabhróidh mé le mo dhaltaí ábhar spraíúil a aimsiú ar líne!
Spreagfaidh mé mo dhaltaí le meas a léiriú ar dhaoine eile agus iad ar líne.



**Sínithe ag:** ..................................................................................................

**Ainm an Dalta:** ..................................................................................................

**Ainm an Tuismitheora:** ..................................................................................................

**Ainm an Mhúinteora:** ..................................................................................................

**Dáta** ..................................................................................................

1: Tagraíonn leanbh do gach mionaoiseach sa teaghlach.
2: Tagraíonn tuismitheoir don chaomhnóir dlíthiúil.

Úsáid an tAinm Úsáideora nua oiriúnach is fearr leat chun an fhoirm chlárúcháin thíos a chomhlánú le tabhairt faoin gcluiche RóbóLaoch.



## CLUICHE RÓBÓLAOCH

Cláraigh chun RóbóLaoch a imirt agus gheobhaidh tú an t-eolas ar fad a theastóidh uait agus neart eile.
Níl le déanamh agat ach na sonraí simplí seo a líonadh isteach agus beidh tú ag imirt sula mbeidh a fhios agat é.

**Ainm úsáideora:**

**Ainm:**

**Aois:**

**Seoladh:**

**Uimhir Fón Póca:**

**Scoil:**

**Caitheamh Aimsire:**

**Seoladh Ríomhphoist:**



CUIR AR AGHAIDH

Cuimhnigh! Is é 16 bliana d'aois an Aois Toilithe Dhigitigh in Éirinn, is é sin an aois is óige ar féidir sonraí pearsanta a choimeád faoi leanaí agus déagóirí a bhailítear ar líne. Ciallaíonn sé sin freisin nach féidir le cuideachtaí na meán sóisialta ná idirlín do shonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil agus iad a dhíol le fógróirí. **Is é an riail atá ann nár cheart duit clárú riamh i gcomhair seirbhísí ar líne, na meáin shóisialta nó cluichí ar líne ina measc, gan cead a fháil ó do thuismitheoirí/chaomhnóirí.**

**GNÍOMHAÍOCHT LE TABHAIRT ABHAILE:**

Pléigh le do thuismitheoirí cén fáth ar cheart do d'Ainm Úsáideora a bheith difriúil le d'ainm féin. Mínigh dóibh cén fhaisnéis ba cheart a choimeád príobháideach ar an idirlíon. Chomh maith leis sin, smaoinigh ar sheoladh ríomhphoist a chruthú don teaghlach chun foirmeacha ar líne a líonadh isteach. Beidh sibh in ann ansin é a scriosadh ina dhiaidh sin. B'fhéidir go ndearna do theaghlach é sin cheana féin.

**Tuismitheoir:** ______________________

**Dáta:** ______________________

# Gníomhaíocht Próifíle InstaFace



Seo é an phróifíl InstaFace atá ag Aisling Ní Bhroin. Tá na Laochra HTML ag iarraidh ort imscrúdú a dhéanamh ar phróifíl Aislinge agus aird a tharraingt ar cad atá sábháilte agus cén t-iompar a d'fhéadfadh a bheith contúirteach nuair a bheidh a cuntas InstaFace á úsáid aici.

Tarraing aird ar ghnéithe sábháilte agus gnéithe nach bhfuil sábháilte i bpróifíl Aislinge (úsáid pinn nó pinn luaidhe ar dhathanna difriúla) agus cabhraigh léi a bheith críonna ag comhrá ar líne.

## INSTAFACE

Próifíl


### Aisling Byrne

**Beathaisnéis**
Cailín Mhaigh Eo – Beannachtaí do mo chailíní CCM, sin sibhse Síofra Duffy agus Cáit Ní Chathasaigh. Is breá liom mo mhadraí. #Mayo4Sam

**Ceangail liom ar Snapchat:** Aislinggbyrne06
**Scoil:** Coláiste Chroí Mhuire, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo

**Baile dúchais:** Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo
**Cairde:** 834 cara

**Stádas Caidrimh:** Singil
**Breithlá:** 18 Deireadh Fómhair
**Grianghraif:** 3457



### Teachtaireachtaí

**Rebecca Hanrahan** INNIU AG 14.30
Go raibh maith agat as cabhrú liom tuairisc a thabhairt faoi na teachtaireachtaí sin!

**Thomas Mac** DÉARD AG 22:10
Sheol Thomas Mac iarratas ar chairdeas chugat.

Is cairde thú féin agus Thomas Mac ar InstaFace. Abair heileo!
**Thomas Mac**
Tá do mhadra an-deas ach an oiread leat féin! Fonn ort comhrá físe a dhéanamh?

**Aisling Byrne** – Erm… an bhfuil aithne agam ort?

**Thomas Mac** – Níl, ach ceangail liom ar Snapchat: ThomasistheMac agus tabharfaidh mé leideanna iontacha duit ar dhul go dtí Leibhéal 20 ar RóbóLaoch

**Tá Thomas Mac blocáilte**

### Socruithe Príobháideachais
Féach ar shocruithe príobháideachais tábhachtacha

1. Tuairisciú agus blocáil
Cé atá in ann iarratais ar chairdeas a sheoladh?
- ✓ Gach duine
- Cairde le cairde


2. Bainistigh do shocruithe suímh
Cé atá in ann do shuíomh a fheiceáil?
- ✓ Gach duine
- Cairde
- Saincheaptha
- Mé Féin Amháin


3. Bíodh smacht agat ar cé a fheiceann gach a roinneann tú
Cé atá in ann do phróifíl a fheiceáil?
- ✓ Gach duine
- Cairde Amháin
- Mé Féin Amháin

### Fógraí
- Thug Aisling Is Maith Liom do phic Jane
- Thug Aisling tuairisc faoi Thomas Mac
- Bhlocáil Aisling Thomas Mac
- Sheol Thomas Mac iarratas ar chairdeas
- Teachtaireacht ó Thomas Mac
- Thug Thomas Mac Is Maith Liom do do

### Fotha Nuachta

**Aisling Ní Bhroin**
An radharc lasmuigh d'fhuinneog mo sheomra codlata ar maidin.
Tá an t-ádh liom! ag Béal an Mhuirthead





Is Maith Liom tugtha ag Thomas Mac, Síofra Shaw, Kate Ní hUigínn agus 15 dhuine eile ag Béal an Mhuirthead

# Rap in aghaidh na Cibearbhulaíochta – Is maith liom é



## A Seiceáil do Thuiscint

Tá focail thíos a úsáidtear sa rap 'Is maith liom é', meaitseáil...
a – j leis na huimhreacha 1–10.

1. ........ Ag comhrá
2. ........ Mar
3. ........ Troll
4. ........ Tuairiscigh
5. ........ Bulaí
6. ........ Stádas
7. ........ Gránna
8. ........ Laoch méarchláir
9. ........ Duine a bhlocáil ar líne
10. ........ Féinphic

A. Duine a scanraíonn nó a ghortaíonn duine eile d'aon turas.
B. Dána nó míchineálta.
C. Duine a stopadh ó theagmháil a dhéanamh leat ar líne.
D. Toisc.
E. Grianghraf a thógann tú díot féin, le guthán de ghnáth.
F. Duine a scríobhann nótaí trodacha, bagracha agus a cheileann iad féin go minic.
G. Duine a fhágann teachtaireachtaí a chuirfeadh olc ort ar líne chun trioblóid a tharraingt.
H. Gearán a dhéanamh nó insint do dhuine faoi rud éigin.
I. Nuashonrú ar fhaisnéis phearsanta.
J. Labhairt ar bhealach cairdiúil.

## B Seiceáil do Thuiscint

Meaitseáil na liricí cearta ón rap 'Is maith liom é' trí a–h a scríobh in aice leis na huimhreacha 1–8.

1. ........ Ag comhrá le...
2. ........ Cuirigí ar fad bhur n-ordóga in airde...
3. ........ Ní ligim don bhulaí...
4. ........ Nuair atáim díomhaoin...
5. ........ Nuair a bhímid ar líne nó ag úsáid aipe...
6. ........ Nuair atá mé ar líne...
7. ........ Má mhothaíonn tú olc...
8. ........ Inis do dhuine éigin faoi...

A. cur isteach orm.
B. nó tá sé ag báisteach.
C. má cheapann sibh gur cheart na bulaithe a bhaint den ghréasán.
D. Níor cheart go gcuirfí fonn orainn ár scáileán a bhriseadh.
E. ná tabhair freagra.
F. nó tuairiscigh ar líne é.
G. mo chairde ar líne.
H. bí go deas liom.

## C Seiceáil do Thuiscint: grúpáil

Éist leis an amhrán arís agus ansin cuir na gníomhartha (a-f) in dhá ghrúpa — rudaí ba cheart nó nár cheart duit déanamh ar líne.

**A.** inis do dhuine a bhfuil muinín agat astu má fheiceann tú rud ar líne nach maith leat.

**B.** lig cead do bhulaithe cur as duit gan aon rud a dhéanamh.

**C.** fan ciúin má bhíonn fadhbanna agat ar líne.

**D.** freagair ceisteanna gránna ó bhulaithe.

**E.** blocáil troill agus daoine a chuireann as duit ar líne.

**F.** tuairiscigh aon rud a chuireann as duit chuig an suíomh gréasáin nó an aip atá in úsáid agat.

| Ba cheart duit... | Níor cheart duit... |
|---|---|
| | |




- Cad a cheap tú den amhrán seo?
- An gceapann tú gur bealach maith é amhrán chun teachtaireachtaí a roinnt faoin tsábháilteacht ar líne?

**Ainm:** ______________________________

**Féiniúlacht Cheilte Ar Líne:**

**caranua______@dlúthchairde.ie**

Thug do mhúinteoir uimhir duit idir 1 agus 30 san fhéiniúlacht cheilte thuas. Chuir an múinteoir ciorcal ar 'F' nó 'B' thíos. Má tá ciorcal ar 'F', tabharfaidh tú freagra fírinneach ar na ceisteanna. Má tá ciorcal ar 'B', cum na freagraí ag ligean ort féin gur duine éigin eile thú. Tá tú ag iarraidh áitiú ar an gcuid eile den rang go bhfuil do chuid freagraí go léir fíor.

**F    B**

**Cén bia is fearr leat?**

______________________________

**Cén spórt is fearr leat?**

______________________________

**Cén scannán is fearr leat?**

______________________________

**Cén cineál ceoil/banna is fearr leat?**

______________________________

**Cén t-amhrán is fearr leat?**

______________________________

**Cén cluiche is fearr leat?**

______________________________



**Cén dath is fearr leat?**

______________________________

**Cén rud is fearr leat a dhéanamh?**

______________________________

# COMHAIRLE RUBY AGUS ARCHIE FAOI SHÁBHÁILTEACHT AR LÍNE

Is furasta ligean ort féin gur duine éigin eile thú ar an Idirlíon. Ba cheart duit cuimhneamh orthu seo a leanas nuair atá tú ag comhrá ar líne chun cabhrú leat a bheith sábháilte agus ionas nach mbuailfidh daoine bob ort ar líne.

1. Bheifeá sách amhrasach dá dtiocfadh strainséir chugat sa bhaile mór ag iarraidh a bheith mar chara agat. Nuair a thosaíonn strainséir ar an Idirlíon nach féidir leat a fheiceáil fiú ag comhrá leat, ba cheart duit a bheith níos amhrasaí arís agus ba cheart duit cuimhneamh ar na teachtaireachtaí maidir le 'baol strainséirí' a d'fhoghlaim tú ar scoil.

2. Tá aithne ag do thuismitheoirí ar na fíor-chairde atá agat. Tá siad cairdiúil fiú le cuid de thuismitheoirí do chairde. Bheadh sé críonna do chairde ar an Idirlíon a chur in aithne do do thuismitheoirí.

3. Sa saol i ndáiríre bíonn aithne agat ar theaghlach do chairde, a gcuid tuismitheoirí, a gcuid deartháireacha agus deirfiúracha, agus beidh aithne acusan ar do chuidse. B'fhéidir go ndéarfaidís leat ar an Idirlíon go bhfuil teaghlach acu ach an féidir leat a chruthú go bhfuil a leithéidí ann i ndáiríre?

4. Beidh a fhios ag fíor-chara cá bhfuil cónaí ort, seans go raibh sé nó sí ar cuairt/ag spraoi i do theach. Ní thabharfá do sheoladh agus do shonraí pearsanta do strainséir a chastar ort ar an tsráid. Níor cheart duit do sheoladh agus do shonraí pearsanta a thabhairt amach ar an Idirlíon.

5. Sa saol i ndáiríre beidh aithne againn ar dhuine éigin a bhfuil aithne acu ar an duine nua. Go minic cuirfidh fíor-chara an duine nua in aithne dúinn — is furasta do dhuine ligean air féin gur 'cara le cara' é ar an Idirlíon ach an bhfuil sé ag insint na fírinne?

6. Sa saol i ndáiríre bímid in ann daoine eile a fheiceáil agus a chloisteáil agus déanaimid cinneadh ar mhaith linn a bheith mór leo. Ní féidir linn é sin a dhéanamh ar an Idirlíon.

**Tá sé críonna gan comhrá a dhéanamh ar líneach le cairde atá agat sa saol, fíor-chairde!**

**Cuimhnigh ar na teachtaireachtaí faoi bhaol strainséirí a d'fhoghlaim tú ar scoil!**

**Rangaigh na leideanna sábháilteachta ar líne thuas san ord is tábhachtaí.**



# Rialacha an idirlín (Liricí amhráin)

Focail bhunaidh agus ceol le Kees Hendrickx ©



Tá áit mhór amuigh ansin
Áit a mbeidh tú ag spraoi sa chibearspás
Beidh spraoi agat agus beidh gáire agat
Ach éist liomsa ar dtús

Coinnigh do phasfhocal sábháilte
Ná húsáid d'ainm féin
Cum cúpla focal
Agus beidh sé faoi cheilt
"Hatytolie", do phasfhocal



Ná roinn ach an beagán
Níor cheart faisnéis phearsanta a thabhairt
Fiú má tá Panda deas á iarraidh ort
Tá a fhios againne níos fearr mar ní bhaineann sé leo

Rialacha an idirlín, dár gcoinneáil slán ar an nGréasán Domhanda
Rialacha an idirlín



Bí cúramach cad a phostálann tú
Smaoinigh faoi dhó sula ndéanann tú gaisce
Mura bhfuil tú ag iarraidh do chomharsan é a fheiceáil
Bhuel ná cuir suas é, nó beidh tú i dtrioblóid

Coinnigh ar líne é le cairde nach eol duit
Tabhair caomhnóir leat i gcónaí don seó
'Caomhnóir na cruinne', 'b'fhéidir Starlord?'
Ní hea ar ndóigh! Cinnte déarfaidh tuismitheoir leat

Ná bí ag caint le daoine nach maith leat
Cliceáil X agus baileoidh siad leo
Má bhíonn siad fós dod' chrá, inis do dhuine éigin é
Cabhróimid leat chun spraoi a bhaint as an idirlíon

Ná híoslódáil dramhaíl
Seiceáil le tuismitheoir sula dtéann sé sa trunc
Nó b'fhéidir gur Traíoch a chasfaí ort
Agus níl sé sin go deas, tá sé i bhfad níos measa

Cuimhnigh ar na rudaí sin
Nuair a bheidh tú ar líne arís
Mar tá sé iontach ach caithfidh tú a bheith sábháilte
Mar sin, lean na rialacha seo ar an idirlíon

Rialacha an idirlín, dár gcoinneáil slán ar an nGréasán Domhanda
Rialacha an idirlín

# QUIZ AR CHATWISE

**Ainm:** ______________________________

**1. Cad a cheapann tú a chiallaíonn cluichíocht ar líne?**

- ◯ Suíomh gréasáin ar a liostaítear cluichí agus imeachtaí atá ag teacht aníos.
- ◯ Áit ar shuíomh gréasáin inar féidir leat teachtaireachtaí a fhágáil le go léifidh daoine eile iad nó ceisteanna le freagairt ag daoine eile.
- ◯ Suíomh gréasáin inar féidir leat rudaí nach bhfuil uait níos mó a dhíol.
- ◯ Cluichí ríomhaireachta a imirt ar líne. Ciallaíonn sé sin cluichí gréasáin nó aipeanna is féidir a íoslódáil ar ghutháin chliste nó consóil ar nós PlayStation nó Xbox.



**2. Cé acu de na ráitis a leanas faoin Idirlíon atá fíor?**

- ◯ Féadfaidh tú eolas fút féin a phostálann tú ar an idirlíon a scriosadh go héasca.
- ◯ Tá gach rud ar an Idirlíon fíor.
- ◯ Ba cheart duit a bheith cúramach nuair a thugann tú eolas pearsanta amach ar an Idirlíon.
- ◯ Smaoineamh maith atá ann d'uimhir ghutháin shoghluaiste a phostáil ar an Idirlíon.

**3. Cé acu de na hainmneacha úsáideora a leanas a mholfá do Fionn Mac Cárthaigh a úsáid agus é ag clárú le suíomh gréasáin?**

- ◯ Fionn Mac Cárthaigh.
- ◯ Ubh-broim-bríste-thíos.
- ◯ Fionn Mac Cool.
- ◯ An-Fionny.

**4. Bealach maith chun cruthúnas a fháil ar chibearbhulaíocht is ea seat scáileáin de theachtaireachtaí a sheol bulaí a ghlacadh.**

- ◯ Fíor
- ◯ Bréagach

**5. Aimsíonn tú suíomh ar líne nár úsáid tú riamh cheana ach tá cluiche á dhíol air ar leath an phraghais sna siopaí, ar cheart duit:**

- ◯ Eolas pearsanta a roghnú ar nós dáta breithe, ainm úsáideora, seoladh baile.
- ◯ Pasfhocal atá éasca le cuimhneamh air a úsáid 'abcdef' nó '123456'.
- ◯ An pasfhocal céanna a úsáid le haghaidh gach suíomh gréasáin/aipe a úsáideann tú.
- ◯ Meascán de litreacha (ceannlitreacha agus litreacha beaga), uimhreacha agus siombailí a úsáid.



**6. Cén fáth ar smaoineamh maith é gan seirbhísí láithreach a úsáid fad is a bhíonn tú ar líne?**



- ○ Beidh sé éasca ag daoine nó strainséirí thú a leanúint nó a aimsiú.
- ○ Beidh sé níos éasca agat bréaga a insint do do chairde faoin áit a bhfuil tú.
- ○ Beidh daoine ag magadh faoin áit arb as duit.

**7. Is é 16 bliana d'aois an Aois Toilithe Dhigitigh in Éirinn, is é sin an aois íosta ar féidir le daoine óga clárú do sheirbhísí ar líne, cuir i gcás suíomhanna gréasáin na meán sóisialta, gan cead a fháil óna dtuismitheoirí/óna gcaomhnóirí.**

- ○ Fíor
- ○ Bréagach

**8. Cé acu díobh seo a leanas NÁR cheart duit a dhéanamh má fhaigheann tú teachtaireacht ar an Idirlíon a chuireann isteach ort?**

- ○ Iad a thuairisciú do na daoine a ritheann an suíomh gréasáin.
- ○ Insint do do thuismitheoirí nó do dhuine fásta a bhfuil muinín agat astu faoin méid a tharla.
- ○ An duine a bhlocáil.
- ○ An teachtaireacht a fhreagairt.




**9. Cad is SPAM ann?**

- ○ Rud éigin a itheann tú don lón.
- ○ Dramhphost.
- ○ Víreas ríomhaire.
- ○ Cineál hata.

**10. Cad ba cheart duit a dhéanamh le teachtaireachtaí a fhaigheann tú ó dhaoine nach bhfuil aithne agat orthu?**

- ○ Iad a oscailt.
- ○ An teachtaireacht a fhreagairt agus iarraidh orthu gan aon cheann eile a sheoladh.
- ○ Gan í a oscailt.
- ○ Í a sheoladh chuig do chara.



webwise.ie

# TEASTAS



## COMHGHAIRDEAS

---

## TÁ TÚ WEBWISE AGUS CRÍONNA AR LÍNE ANOIS!

Tá tú in ann eolas a aimsiú ar an idirlíon agus seiceáil an féidir brath air. Tá a fhios agat cad a dhéanfaidh tú má thagann tú ar aon rud a chuireann imní ort. D'aontaigh tú cloí leis na rialacha maidir le húsáid an idirlín.



**Dáta:** ______________________

**Sínithe:** ______________________

webwise.ie

# TEASTAS



## COMHGHAIRDEAS

## TÁ TÚ CHATWISE AGUS CRÍONNA AR LÍNE ANOIS!

Tuigeann tú conas teachtaireachtaí gan iarraidh a shainaithint agus a láimhseáil. Tuigeann tú go mb'fhéidir nach iad na daoine a mbíonn tú ag comhrá leo ar líne na daoine sin i ndáiríre. Tá a fhios agat conas d'fhaisnéis phearsanta a chosaint nuair atá tú ag clárú chun aipeanna/cluichí/suíomhanna gréasáin a úsáid. D'aontaigh tú caitheamh le daoine le meas nuair a bhíonn tú ag caint leo ar an idirlíon.

**Dáta:** ______________________

**Sínithe:** ______________________

**Maith thú!**

# Is Maith Liom É (Liricí Amhrán, Lch 1 de 2)

## Liricí:

Mar is maith liom é
Ag comhrá le mo chairde ar líne
Nuair atáim díomhaoin nó tá sé ag báisteach
Mar is maith liom é
Mo chur féin in iúl, ach ní ligim don bhulaí cur isteach orm
Mar is maith liom é
Ag comhrá le mo chairde ar líne
Nuair atáim díomhaoin nó tá sé ag báisteach
Mar is maith liom é
Mo chur féin in iúl, ach ní ligim don bhulaí cur isteach orm



Cuirigí ar fad bhur n-ordóga in airde má cheapann sibh gur cheart na bulaithe a bhaint den ghréasán
Nuair a bhímid ar líne nó ag úsáid aipe
Níor cheart go gcuirfí fonn orainn ár scáileán a bhriseadh
Ach i ndáiríre níl siad ach ag spochadh asam
Ach ní ghéillfidh mé, seasfaidh mé an fód
Cuirfidh mé an teachtaireacht sa bhruscar agus ní ligfidh mé dóibh buachan!
Is breá le cibear-bhulaithe eagla a chur ar dhaoine
Ag maslú, ag scanrú, ag náiriú más féidir
Mar sin má fheiceann tú rud éigin gránna agus má tá tú i bponc
Ná cuireadh sé droch-ghiúmar ort má mhothaíonn tú olc, ná tabhair freagra
Inis do dhuine éigin faoi nó tuairiscigh ar líne é
Níl le déanamh ach an seoltóir a bhlocáil
Blocáil an seoltóir
Tá go leor bealaí ann leis an mbrú a stopadh



Mar is maith liom é
Ag comhrá le mo chairde ar líne
Nuair atáim díomhaoin nó tá sé ag báisteach
Mar is maith liom é
Mo chur féin in iúl, ach ní ligim don bhulaí cur isteach orm
Mar is maith liom é
Ag comhrá le mo chairde ar líne
Nuair atáim díomhaoin nó tá sé ag báisteach
Mar is maith liom é
Mo chur féin in iúl, ach ní ligim don bhulaí cur isteach orm



Is maith liom é
Ag amharc ar YouTube
Is maith liom é
Ag éisteacht le ceol nua
Is maith liom é
Nuair a sheolann mo chara téacs chugam
Is maith liom é
Mo stádas nó féinphic a chur suas
Is maith liom é
Cluichí a imirt



# Is Maith Liom É (Liricí Amhrán, Lch. 2 de 2)

Dúshlán do m'intinn
Ní chuirfidh na troill sin isteach orm, sin a cheap mé
Nuair atá mé ar líne, bí go deas liom
Ach más fadhb é
Blocáil iad is cuirfidh sin deireadh leo
Laochra méarchláir agus troill ríomhairí
Ní bhfaighidh siadsan smacht orm riamh
Ach más fadhb é
Blocáil iad is cuirfidh sin deireadh leo
Laochra méarchláir agus troill ríomhairí
Ní scriosfaidh siad m'anam anois ná go deo



Mar is maith liom é
Ag comhrá le mo chairde ar líne
Nuair atáim díomhaoin nó tá sé ag báisteach
Mar is maith liom é
Mo chur féin in iúl, ach ní ligim don bhulaí cur isteach orm
Mar is maith liom é
Ag comhrá le mo chairde ar líne
Nuair atáim díomhaoin nó tá sé ag báisteach
Mar is maith liom é
Mo chur féin in iúl, ach ní ligim don bhulaí cur isteach orm



Is maith liom é
Ag amharc ar YouTube
Is maith liom é
Ag éisteacht le ceol nua
Is maith liom é
Nuair a sheolann mo chara téacs chugam
Is maith liom é
Mo stádas nó féinphic a chur suas Is maith liom é
Cluichí a imirt
Is maith liom é
Dúshlán do m'intinn
Ní chuirfidh na troill sin isteach orm, sin a cheap mé
Nuair atá mé ar líne, bí go deas liom

Is daoine ó cheardlanna rapcheoil GMCBeats agus Webwise Éireann a chum an t-amhrán seo chun Lá na Sábháilteachta Idirlín a chomóradh.



# CÉARD É AN T-IDIRLÍON?

An tIDIRLÍON!

Ar FUD AN DOMHAIN ar fad

BUACHAILLÍ, CAILÍNÍ, CEANGAILTE gan stad

Má tá eolas UAIT

Faoin rud ar FAD

Seo linn ar THURAS

Chuig an LÍON, SEA A MHAC!

Ag ceangal leis an IDIRLÍON

Níl aon deacracht leis

Ar do GHUTHÁN nó TÁIBLÉAD nó TEILIFÍS ambaiste

SREANG nó GAN SREANG



Téimid AR LÍNE

Ar SAFARI nó ar CHROME

Is AG BRABHSÁIL a bhímid

Éist le CEOL

Nó CEANNAIGH PÉIRE STOCAÍ Téigh chuig YOUTUBE

Breathnaigh ar GHASÚR AG SPRAOI LE POTAÍ

Bí ag breathnú ar an nGNÍOMH

Nó bí INA LÁR

Tá sé ina IDIRGHNÍOMH

Tá sé THAR BARR

Tá an oiread LE FOGHLAIM NÍ hAMHÁIN AN SCROLLÁIL

Ach BÍ AR AN AIRDEALL do dhaoine AG TROLLÁIL

FACETIME le MAMÓ

Agus do CHAIRDE CHOMH MAITH

Seol TEACHTAIREACHT chuig UACHTARÁN FÚTSA É 'MHAC

FÁIL láithreach ar

Stór mór FAISNÉISE

Ón AM ATÁ CAITE

Go dtí an RUD IS FAISEANTA

Ag spraoi le do chairde nó fiú LEAT FÉIN

Le hIMREOIRÍ EILE AR LÍNE

SEO LINN

AM SCÁILEÁIN sin an tAM deas sin

OS COMHAIR SCÁILEÁIN

RÍOMHAIRE, FÓN, TEILIFÍS

Agus tá sé sin togha ach ná dearmad



Go bhfuil an saol taobh amuigh

IMIR SPÓIRT

Nó LÉIGH

Agus nuair atá tú réidh caithfidh gach duine CODLADH

Sos INTINNE agus COIRP 8 nUAIRE AR A LAGHAD

Is féidir DUL AR LÍNE

Bí AG SPRAOI

Ach ná DÉAN AN IOMARCA

IS CUIMHNIGH ARÍS

Caith d'am GO CLISTE, BÍ CRÍONNA FAOI

# CÉARD ATÁ IONTAOFA AR LÍNE?

Tá an t-idirlíon in ann a bheith AIT na milliúin SUÍOMH

na billiúin STAIT beidh AN-SPRAOI AGAT ANN

Ag FOGHLAIM / CRUTHÚ / SPRAOI

Ach Caithfidh tú FANACHT SÁBHÁILTES in RIAIL A HAON

IONTAOIBH.....

RUD LUACHMHAR atá ann

AR LÍNE roimh ROINNT

GLAC D'AM AON FHAISNÉIS.......

AR LIOMSA Í

Sula gcomhlíontar foirm seo CEISTEANNAÍ

Cé leis an SUÍOMH, Cén fáth a nDEARNADH é

An bhfuil siad AG CUIDIÚ, An NUA atá sé

Tá súil agam go gcaithfear i gCEART le MO CHUID EOLAIS

Ach

TÁ A FHIOS AGAT

Agus TÁ A FHIOS AGAM

Nach bhfuil sé AN-SIMPLÍ

Má bhíonn tú i bPONC

cliceáil CÉ MUID FÉIN

nó DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Is beidh sé sin SOILÉIR roinnt sonraí teagmhála

Agus SEOLADH poist

Sin atá uait má tá an suíomh le trust

BRÉAGNUACHT.......

Tá sí i ngach áit ANOIS ............ B'fhéidir

D'AON TURAS nó BOTÚN seans

AG FÉACHAINT FOIRFE AR AN GCÉAD AMHARC



Ach anois GLAC

.................D'AM

Sula gcinneann tú AON RUD

Seiceáil na FOINSÍ

Iarr ar do MHÚINTEOIRÍ

TÁ TAIGHDE TÁBHACHTACH

DO NA LÉITHEOIRÍ

Glac d'am CHUN GACH TAOBH a fhiosrú

Agus má DHÉANANN TÚ SIN beidh tú i do MHÁISTIR

HTTPS.......

Sin atá UAIT

Ciallaíonn sin go bhfuil an suíomh SLÁN agus SAOR Ó VÍRIS

Má fheiceann tú FRAINCÍN

Ar BHARR an SCÁILEÁIN

Tá a fhios agat go bhfuil sé CRUINN..BHFUIL FHIOS AGAT A

BHFUIL I GCEIST AGAM?

BULAITHE AR LÍNE bíonn siad GRÁNNA

Bíonn siad AN-CHRÓGA taobh thiar den SCÁILEÁN

LAOCHRA MÉARCHLÁIR sin a FHEICIMSE

NÁ BAC LEO SIÚD IS DÉAN DO RUD FÉIN

CÉARD A DHÉANFAIDH TÚ

má bhíonn MEABHRALL ORT

Mura bhfuil tú CINNTE

Bhfuil BRÉAG nó FÍRIC ROMHAT

Cuir ceist ar DHUINE FÁSTA

Míneoidh siadsan an FABHT

CUIMHNIGH

BÍ SÁBHÁILTE

Agus beidh an chuid eile TOGHA

# FÓGRAÍOCHT AR LÍNE

FÓGRAÍ AR LÍNE, bíonn roinnt acu GRUAMA
Ag iarraidh BOB A BHUALADH ORT
Níl sé sin STUAMA
Deartar iad go ndéanfaidh tú CLICEÁIL GO GASTA
Ach BÍ AR AN EOLAS
Is beidh do bhrabhsáil SNASTA
DÉANFAIDH....
Na CUIDEACHTAÍ AR LÍNE SEO
RUD AR BITH chun AIRGEAD a chur ina bpócaí
FÓGRAÍ ANÍOS





HAISCHLIBEANNA gach áit
CLUAIN CHLICEÁLA
CEANNLÍNTE
BREITH AIRGID
FÍSEÁIN aníos agus TÉACS aníos
Feicfidh tú in ÍOCHTAR iad
Feicfidh tú ar CHLÉ iad
Chomh GALÁNTA agus ILDAITE (sea)
Ach caithfidh tú FÁIL RÉIDH leo cliceáil ar an X
Ar aghaidh linn.....
Faoi BHLAGÁLAÍ agus FÍSBHLAGÁLAÍ
Ní bhíonn sé chomh SOILÉIR
Iad go deas agus SUIM AGAT ANN
Ach má luann siad BRANDAÍ
Aistrítear AIRGEAD
Agus....
Feicfidh tú iad ag úsáid HAISCHLIBEANNA
Ag íochtar na SCÉALTA CLIBEÁIL atá ar bun acu
Ar ábhair a bhfuil SUIM AGAT IONTU
Agus TAGANN SIAD CHUN CINN
Nuair a CHLÓNN TÚ CUARDACH
CLUAIN CHLICEÁLA ....
An oiread sin CLUAIN CHLICEÁLA ....
ar na meáin shóisialta ag iarraidh
BOB A BHUALADH ORM....

CEANNLÍNTE le hÉILIMH CHRAICEÁILTE
Ach nuair a léann tú an t-alt
D'ATHRAIGH NA HÁBHAIR
A dhiabhail...
Úsáideann siad na CLEASA CÉANNA
Ceannlínte ar nós "NÍ CHREIDFIDH TÚ CAD A THARLA"
nó "FAIGH CORP COSÚIL LE BRUCE LEE"
Ní amadán mé
BÍODH CIALL AGAIBH
Mar sin...
CÉN FÁTH A NDÉANANN SIAD É
Brúnn sé trácht chuig a suíomh faigheann siad NÍOS MÓ AMHARC
Agus iarrann siad ort SÍNTIÚS nó SÍNIÚ SUAS
Le LIOSTA POIST
Nó RUDAÍ A DHÍOL LEAT
Anois...
CLUICHÍ
ÍOC LE HIMIRT
"Ach bhí an íoslódáil saor" sin a deir siad — ach FAN
DÍGHLASÁIL LEIBHÉIL




CARACHTAIR I BHFOLACH TREISIÚ
AIRGEAD FÍORÚIL
D'fhéadfá ÍOC GO DAOR AS
Bí cinnte agus SEICEÁIL
Leis an té a ÍOCANN NA BILLÍ
Ar an ngaireas atá á úsáid agat
Mar FÉADFAIDH agus DÉANFAIDH siad
NA CINNTÍ CEARTA
Nuair a sheiceálann siad na SOCRUITHE
Ionas nach N-ÍOCFAIDH SIAD AN PRAGHAS
Nuair a thagann an bille
AN DTUIGEANN TÚ


HTML
HEROES
webwise.ie


HTML
HEROES
WWW.
HTTPS://HTTPS
INTERNET
webwise.ie




webwise.ie


HTML HEROES
webwise.ie

PDST
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills